An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais

Rialacha Maidir le Ciste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú (2026/2027)

A. Cúlra de Chiste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú ("NSLF")

Tá Ciste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú comhchistithe ag an An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais ("DCDE") agus ag an gCoimisiún Eorpach.

Trí Chiste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú ("NSLF"), tá an DCDE ag iarraidh leibhéal an mhaoinithe a mhéadú go sonrach maidir le hoideoirí luathbhlianta faofa agus cleachtóirí Chúraim Leanaí in Aois Scoile (SAC) a thugann faoi cláir oideachais solúbtha i bhFoghlaim agus i gCúram na Luath-Óige (ELC) nó SAC ag Leibhéal 7 agus 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus iad ag leanúint ag obair ag an am céanna san earnáil.
Iocfaidh an NSLF ranníocaíocht gach bliain do chostais staidéir de chleachtóirí luathbhlianta agus in Aois Scoile atá faofa, agus beidh an maoiniú ag dul go díreach go dtí na hInstitiúidí Ardoideachais (HEI) chun bac an chostais tosaigh d'oideoirí luathbhlianta agus de chleachtóirí SAC atá ag lorg uasoiliúna a íoslaghdú.

Tá sé mar choinníoll de mhaoinithe faoin NSLF go bhfanfaidh an mac léinn mar fhostóir i seirbhís Croímhaoinithe san earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) nó SAC ar feadh thréimse an staidéir. Dearadh an ciste beartaithe ionas go gcuirfidh sé le tacaíochtaí airgeadais eile (agus maoiniú dúbailte uathu a sheachaint) atá ar fáil d'oideoirí/do chleachtóirí, na cinn atá ar fáil ó Thionscnamh um Tháillí Saor in Aisce san áireamh.

Tá Gluais Téarmaí san áireamh ag deireadh na cáipéise rialacha seo chun cabhrú leat cuid de na téarmaí atá á n-úsáid sa cháipéis rialacha seo a thuiscint.

B. Rialacha Infheidhme Maidir le Soláthar an Chistithe faoin NSLF

Leagtar amach sa cháipéis seo na rialacha infheidhme ar sholáthar an chistithe faoin NSLF i dtaobh iarratasóirí atá ag iarraidh tabhairt faoi Chúrsa Faofa le linn na bliana acadúla a thosaíonn san Fhómhar 2026/2027.

Tá na rialacha agus na coinníollacha ó thaobh cistithe faoin NSLF cumtha ag an DCDE.

Déanfaidh Pobal an próiseas iarratais agus oibreoidh agus bainisteoidh Pobal soláthar an chistithe atá curtha ar fáil faoin NSLF d'iarratasóirí thar ceann an DCDE. Soláthróidh Pobal an

cistiú i leith mac léinn go díreach d'institiúid ardoideachais infheidhme an mhic léinn.

Forchoimeádann an DCDE an ceart chun na rialacha infheidhme ar sholáthar an chistithe faoin NSLF a leasú. Tá cáipéis na rialacha foilsithe ar an suíomh gréasáin DCDE chomh maith le bheith ar fáil ar an Tairseach.

Is faoin iarratasóir atá sé chun dul i dtaithí leis na rialacha infheidhme ar sholáthar an chistithe ó thaobh thréimhse bheartaithe an staidéir de.

Mínítear leis an gcáipéis rialacha faoin gcaoi ar leithdháilfear an cistiú ar iarratasóirí.

Cé nach samhlaíonn an DCDE go n-athróidh siad na rialacha le linn na bliana acadúil 2026/2027, i gcás inar gá, cuirfidh an DCDE in iúl do na hiarratasóirí uile maidir leis na hathruithe don cháipéis rialacha agus maidir le tionchar ar bith a d'fhéadfadh a bheith acu trí Thairseach na Mac Léinn de chuid NSLF.

Ba cheart an cháipéis rialacha seo a léamh in éineacht leis na Coinníollacha maidir le fáil an chistithe NSLF (2026/2027), rud atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an DCDE

Dúnfar an Tairseach go huathoibríoch maidir le glacadh iarratas ar an dáta deiridh. Fógrófar an dáta deiridh trí Thairseach na Mac Léinn de chuid NSLF agus trí shuíomh gréasáin an DCDE.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil céimeanna éagsúla a bhaineann leis an iarratas a chomhlíonadh agus gur faoin Iarratasóir atá sé a chinntiú go bhfuil na céimeanna UILE curtha i gcrích sula gcuirtear isteach an t-iarratas. Measfar gur tarraingíodh amach aon Iarratas Neamhchríochnaithe nó Neamhiomlán ar an dáta deiridh.

An Cistiú a Ríomh

A. Ríomhtar an méid iomlán a íoctar don HEI ábhartha thar ceann mac léinn incháilithe ar an mbonn go mbaintear gach foirm eile de chistiú Rialtais a fuair an Mac Léinn Incháilithe de Tháillí Cúrsa an Mhic Léinn Incháilithe sula ndéanfar ríomh an chistithe NSLF.

B. Tabhair faoi deara go bhfuil méid iarbhír an chistithe a sholáthróidh don HEI thar ceann an mhic léinn ag brath ar na nithe seo a leanas;

a. Go bhfuil litir an chistithe NSLF ón DCDE i seilbh an Mhic Léinn Incháilithe

b. Go mbaintear gach foirm eile de chistiú Rialtais a fuair an Mac Léinn Incháilithe de Tháillí Cúrsa an Mhic Léinn Incháilithe sula ndéanfar ríomh an chistithe NSLF.
c. Go ríomhtar éileamh an chistithe ag 80% na dTáillí Cúrsa atá fágtha go huasmhéid €3,200 in aghaidh na bliana acadúla.
d. Ní sháróidh cistiú ón NSLF i gcomhair gach faighteora uasmhéadú €3,200 in aghaidh gach Mhic Léinn Incháilithe in aghaidh na bliana acadúla gan brath ar Tháille iomlán an chúrsa.
e. Is é 80% de chostas iomlán a dtáillí cúrsa/clárúcháin an t-uasmhéid de chistiú is féidir leis an HEI a fháil ó Pobal ar son mhic léinn (tar éis tacaíochtaí rialtais eile amhail Táillí Saor in Aisce, SUSI, etc a bhaint de) suas le huasteorainn €3,200. Íocfaidh Pobal an t-uasmhéid 80% go díreach leis an HEI thar ceann an mhic léinn.
f. Íocfaidh an mac léinn an 20% atá fágtha (ar aisíocfar 10% de don mhac léinn tar éis an cúrsa a chur i gcrích ag brath ar bheith ag obair san earnáil i seirbhís Croímhaoinithe agus ag braith ar an suirbhé fágála ábhartha a chur i gcrích) mar aon le haon táillí gan íoc os cionn €3,200, go díreach leis an HEI.
g. Ceanglaítear ar an mac léinn an chuid eile dá dtáillí cúrsa a íoc go díreach leis an HEI chomh maith le tobhaigh an mhic léinn nuair a iarrann soláthraí an chúrsa amhlaidh.
h. Mar chuid den chistiú DCDE agus den chistiú ESF+ tá ceanglas ann go ndéanfaidh mic léinn a fuair cistiú ón NSLF suirbhé fágála. Beidh mic léinn i dteideal cúitimh chun lacáiste 10% de tháillí an chúrsa a fháil suas go huasmhéid €400 in aghaidh na bliana más féidir leo fianaise a chur ar fáil go bhfuil siad fostaithe san earnáil i Seirbhís Croímhaoinithe 6 mhí tar éis a mbronnadh céime agus tar éis an suirbhé fágála a chur i gcrích. Íocfar an lacáiste sin go díreach leis an mac léinn.

C. Sula gCuirtear Iarratas Isteach ar an gCistiú

Sula gcuireann tú isteach ar an gcistiú, ní mór duit a bheith sásta go bhfuil na nithe seo a leanas fíor:

1. go gcomhlíonann tú na critéir faoi cháilitheacht; agus

2. gur féidir leat na rialacha sa cháipéis seo agus na Coinníollacha maidir le cistiú a fháil ón NSLF a chomhlíonadh (2026/2027).

D. Critéir Cháilitheachta

Rialaíonn na critéir cháilitheachta seo a leanas a bhfuil tú incháilithe i leith an chistithe faoin NSLF maidir le tréimse stáidéir ar Chúrsa Faofa ag tosú i bhFómhar na bliana acadúla 2026/2027.

D'fhonn a mheas go bhfuil tú incháilithe ar an gcistiú faoin NSLF, ní mór duit na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:

- go bhfuil tú ag obair le leanaí nó mar bhainisteoir lasmuigh den chóimheas i seirbhís Tusla-chláraithe maidir le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) nó Ciste do Chúram Leanaí in Aois Scoile (SAC), agus go bhfuil conradh **reatha** Croímhaoinithe sínithe leis an DCDE ag an tseirbhís ina n-oibríonn tú faoin dáta deiridh thuasluaite maidir le fáil na n-iarratas comhlíonta ar an gcistiú faoin NSLF

- gur oibrigh tú laistigh de sheirbhís ELC nó SAC ar feadh na sé mhí roimh fháil a n-iarratas

- gur sholáthair tú d'aitheantas mar bhall foirne i seirbhís Croímhaoinithe i bhfianaise go n-oibríonn tú sa tseirbhís sin. Beidh do bhainisteoir seirbhíse/riarthóir Croímhaoinithe in ann an fhaisnéis sin a chur ar fáil duit;

- gur chuir tú iarratas críochnaithe comhlíonta isteach ar an gcistiú tráth nach déanaí ná an dáta deiridh maidir le fáil an chistithe;

- gur sholáthair tú cáipéisíocht tacaíochta más gá chun a dheimhniú gur oibrigh tú i seirbhís ELC nó SAC Tusla-chláraithe ar feadh sé mhí sular chuir tú iarratas isteach.

- go gcinntíonn tú go bhfuil an cháipéisíocht uile atá de dhíth chun d'iarratas a chur i gcrích uaslódáilte ar Thairseach na Mac Léinn de chuid NSLF laistigh den tréimhse ama a cheanglaítear;

- gur chuir tú iarratas isteach ar Chúrsa Faofa roimh dháta deiridh chun iarratais chríochnaithe a chur isteach;

- go ndearna tú cumarsáid go díreach leis an institiúid le fáil amach an bhfuil an HEI cláraithe leis an NSLF agus rannpháirteach leis;

- gur dheimhnigh tú go bhfuil do stádas maidir le clárú ar chúrsa leis an HEI ábhartha cothrom le dáta agus go bhfanfaidh sé cothrom le dáta leis an HEI a bhfuil tú cláraithe;

- go gcuireann tú iarratas críochnaithe isteach mar aon leis an gcáipéisíocht tacaíochta uile is gá tríd an bpróiseas a leagtar amach ar Thairseach na Mac Léinn de chuid NSLF;

- go gcuireann tú an Riarthóir (Pobal) ar an eolas mura bhfuil aon fhaisnéis a sholáthair tú i d'iarratas i gceart agus mura gcloíonn tú leis na critéir cháilitheachta a thuilleadh;

- gur **iontrálaí nua** thú ar Chúrsa Faofa don bhliain acadúil 2026/2027 ag tosú san Fhómhar 2026)

agus

- gan a bheith ina (h)oideachasóir ELC nó ina c(h)leachtóir SAC a bhfuil Cúrsa Faofa nó céim choibhéiseach críochnaithe acu cheana féin.

- gan a bheith ina (h)oideachasóir ELC nó ina c(h)leachtóir SAC atá ag tabhairt faoi Chúrsa Faofa nó faoi chéim choibhéiseach faoi láthair.

Tabhair Faoi Deara: níl cead ag Iarratasóir cúrsa faofa ag leibhéal 7 nó leibhéal 8 a bheith acu nó a bheith ag tabhairt faoi chúrsa faofa ag am an iarratais

Sa chás a ndéantar athruithe ar do phróiseas iarratais tar éis an dáta deiridh, ní mór do mhac léinn Pobal a chur ar an eolas maidir leis an athrú riachtanach sin trí ríomhphost chuig NSLF@pobal.ie e.g., athrú ar na hábhair in iarratas críochnaithe ar an gcistiú, lena n-áirítear sa chás nach bhfuil tú fostaithe a thuilleadh sa suíomh a bhí mar chuid de d'iarratas. Nuair is gá, tarraingeoidh Pobal aird an DCDE ar an eolas seo agus forchoimeádann DCDE aige féin an ceart chun a chinntiú an bhfuil tionchar ag a leithéid d'athrú ar do cháilitheacht ar an gcistiú faoin NSLF.

Déanfar cáilitheacht ar NSLF a chinntiú agus an t-eolas a soláthraíodh san iarratas riachtanach a mheas san áireamh. Dá réir sin, fútsa atá sé a chinntiú gur sholáthair tú gach faisnéis agus cáipéisíocht tacaíochta ábhartha i d'iarratas críochnaithe ar an gcistiú.

Rialóidh an DCDE, faoina rogha féin, an gcomhlíonann iarratasóir ar chistiú faoin NSLF na critéir cháilitheachta thuasluaite. Maidir lena a bhfuil thuasluaite, rialóidh an DCDE an bhfuil tú ag tabhairt faoi chéim choibhéiseach nó ar thug tú faoi chéim choibhéiseach, agus an liosta de chúrsaí faofa ar Aguisín 1 agus ar an suíomh gréasáin DCDE a mheas san áireamh.

Ní rachaidh iarratasóirí nach comhlíonann na critéir cháilitheachta ar aghaidh níos faide sa phróiseas measúnachta. Cuirfidh DCDE iarratasóirí nach gcomhlíonann a n-iarratais na critéir cháilitheachta thuasluaite ar an eolas, tri Thairseach na Mac Léinn de chuid NSLF nó trí ríomhphost, in éineacht leis na cúiseanna nach gcomhlíonann an t-iarratasóir, dar leis an

DCDE, na critéir cháilitheachta de réir mar is gá.

Tá sé riachtanach go bhfuil gach faisnéis curtha isteach agat mar chuid den phróiseas iarratais cruinn agus ina hiomlán. Mura gcuirtear isteach gach faisnéis atá riachtanach in éineacht leis an gcáipéisíocht tacaíochta riachtanach laistigh den thréimhse ama riachtanach, d'fhéadfaí go gcuirfear d'iarratas as an áireamh sa phróiseas iarratais. Má chuirtear isteach aon fhaisnéis mhícheart nó mhíthreorach, cuirfear d'iarratas as an áireamh sa phróiseas iarratais.

E. An Próiseas Roghnúcháin maidir le hIarratasóirí Incháilithe

Déanfaidh Pobal athbhreithniú ar gach iarratas a fhaightear trí Thairseach na Mac Léinn de chuid NSLF thar ceann an DCDE bunaithe ar na critéir roghnúcháin mar a leagtar amach iad thíos

Measfar iarratasóirí ar an gcistiú faoin NSLF a chomhlíonann na critéir thuasluaite a bheith ina "Iarratasóir Incháilithe".

Tugadh an NSLF isteach mar chéim phíolótach le linn 2024 agus leanfar ar aghaidh é mar scéim phíolótach le linn 2026, agus tá an buiséad teoranta. De thairbhe go bhfuil leibhéal glactha fós neamhchinnte, tá sé tábhachtach a chinntiú go n-oibreoidh an NSLF laistigh den bhuiséad atá ar fáil.
Mar sin de, beidh líon na n-iarratasóirí rathúla NSLF teoranta ag an gcistiú atá ar fáil. Léirítear leis an gcur chuige maidir le roghnúchán iarratasóirí na spriocanna seo a leanas:

- Gealltanais maidir leis na Chéad 5 agus le Scileanna a chothú chun tacú le lucht saothair atá faoi stiúir chéimithe, i bhfianaise an tionchair atá ag ceannasaíocht chéimithe ar cháilíocht an tsoláthair.

- Tacaíochtaí do Thús Cothrom a dhíriú i leith seirbhísí do leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, i bhfianaise an tionchair níos mó atá ag soláthar ardchaighdeáin ar leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

Na spriocanna polasaithe thuasluaite de chuid DCDE curtha san áireamh, má sháraíonn éileamh ar an gcistiú NSLF an buiséad atá ar fáil, beidh roghnúcháin na n-iarratasóirí bunaithe ar na critéir seo a leanas san ord tosaíochta seo a leanas (agus 1 mar an leibhéal is airde tosaíochta agus 4 mar an leibhéal is ísle tosaíochta):

1. líon na gcéimithe i seirbhís an iarratasóra, agus tús áite ag iarratasóirí ó sheirbhísí gan

aon chéimí.

2. Innéacs Tosaíochta um Thús Cothrom, lena dtugtar tosaíocht d'iarratasóirí ó sheirbhísí atá ag tacú leis na leanaí faoin míbhuntáiste is suntasaí (i.e., innéacs 1 = an chéad 9% de sheirbhísí faoi mhíbhuntáiste is suntasaí, 2 = an dara 9% de sheirbhísí faoi mhíbhuntáiste is suntasaí agus ansin gach seirbhís eile fágtha),

3. ról an iarratasóra sa tseirbhís, agus tús áite dóibh siúd i ról mar phríomhoide nó mar bhainisteoir.

4. má tá an próiseas tosaíochta thuas curtha i bhfeidhm agus mura bhfuil toradh cinntitheach air, cuirfear roghnúchán randamach i bhfeidhm.

Ó thaobh na praiticiúlachta de, ciallaíonn sé seo go ndéanfar measúnú ar na hiarratais uile i gcomparáid le cás 1 má bhíonn ró-éileamh ar an gCiste. Ansin, déanfaidh an DCDE iarracht an líon is mó áiteanna agus is féidir a leithdháileadh ar iarratasóirí tríd an cás sin a úsáid. Sá chás a bhfuil níos mó iarratasóirí ann ná an cistiú ar fáil, áfach, leithdháilfidh an DCDE an cistiú ar na hiarratasóirí nach gcloíonn ach le cás 1 agus ní bheidh aon ghá le bogadh ar aghaidh go cás 2 nó 3 nó 4.

Sa chás a bhfuil cistiú fós fágtha tar éis cás 1 a chur chun feidhme, ansin déanfar measúnú ar na hiarratais atá fágtha i gcomparáid le cás 2 agus na critéir thuasluaite, agus déanfaidh an Innéacs Tosaíochta um Thús Cothrom iarracht an líon is mó áiteanna agus is féidir ar iarratasóirí trí chás 2 a úsáid. Sá chás a bhfuil níos mó iarratasóirí ann ná cistiú fós ar fáil, áfach, leithdháilfidh an DCDE an cistiú ar na hiarratasóirí fágtha nach gcloíonn ach le cás 2 agus ní bheidh aon ghá le bogadh ar aghaidh go cás 3 nó 4.

Sa chás a bhfuil cistiú fós fágtha tar éis cás 1 agus cás 2 a chur chun feidhme, ansin déanfar measúnú ar na hiarratais fágtha i gcomparáid le cás 3 agus le ról an iarratasóra sa tseirbhís ELC nó SAC. Mar atá thuasluaite, déanfaidh an DCDE iarracht an líon is mó áiteanna agus is féidir a leithdháileadh ar iarratasóirí trí chás 3 a úsáid. Sa chás a bhfuil níos mó iarratasóirí ná cistiú fós fágtha, leithdháilfidh an DCDE an cistiú ar na hiarratasóirí fágtha a chloíonn le cás 3 trí roghnú randamach agus trí phróiseas roghnúcháin nó iarratas randamach oibiachtúil a úsáid.

Ciallaíonn an t-ord tosaíochta thuasluaite na nithe seo a leanas:

- Tabharfar tús áite d'oideoir/do chleachtóir ó sheirbhís gan chéimithe thar phríomhoideoir/príomhbhainisteoir ó sheirbhís a bhfuil céimí eile inti
- Tabharfar tús áite d'oideoir/do chleachtóir ó sheirbhís faoi mhíbhuntáiste gan chéimithe thar phríomhoideoir/príomhbhainisteoir ó sheirbhís faoi mhíbhuntáiste níos lú nach bhfuil céimithe eile inti
- Tabharfar tús áite do Phríomhoideoir/Príomhbhainisteoir ó sheirbhís gan chéimithe thar Oideoir ó sheirbhís gan chéimithe, sa chás a bhfuil an bheirt acu i seirbhísí atá faoin leibhéal céanna míbhuntáiste.

Léirítear leis na cásanna thíos an chaoi a gcuirfidh na critéir chun feidhme bunaithe ar shampla ina bhfuil 10 n-áit chistithe ar fáil do 15 Iarratas.

Léirítear le Tábla (a) an líon iarratasóirí (agus sonraí a gcritéir roghnúcháin) a chuir iarratais NSLF isteach. Léirítear le Tábla (b) liosta 10 n-iarratas a d'éirigh leo chun an cistiú NSLF a fháil

Tábla (a) Iarratais a Fuarthas

Uimh. Iarr.	Innéacs Tosaíochta	Céimithe sa tSeirbhís	Ról is Airde
Iarratasóir 1	1	0	Oideoir
Iarratasóir 3	1	0	Bainisteoir
Iarratasóir 6	2	0	Oideoir
Iarratasóir 4	3	1	Bainisteoir
Iarratasóir 5	3	1	Oideoir
Iarratasóir 7	2	0	Príomhoideoir
Iarratasóir 2	3	0	Príomhoideoir
Iarratasóir 8	2	1	Bainisteoir
Iarratasóir 9	2	1	Bainisteoir
Iarratasóir 10	3	1	Bainisteoir
Iarratasóir 11	1	0	Bainisteoir
Iarratasóir 12	3	1	Oideoir
Iarratasóir 13	2	0	Oideoir
Iarratasóir 14	3	1	Bainisteoir
Iarratasóir 15	2	0	Bainisteoir

Tábla (b) Iarratasóirí rathúla NSLF

An chaoi a n-oibríonn an próiseas roghnúcháin

Ar dtús, roghnaítear iarratais ó sheirbhísí gan chéimithe. I bhfoghrúpa na gcritéar seo, más comhionann nó níos lú na 10 líon na n-iarratas, tairgfear an cistiú do na 10 n-iarratas uile. Mura bhfuil ach 6 áit ar fáil i leith tairisceana don fhoghrúpa sin, áfach, bheadh an tInnéacs Tosaíochta um Thús Cothrom ar an gcéad leibhéal eile tosaíochta, ansin ról na foirne agus faoi dheireadh roghnú randamach. Sa chás sin (mar a léirítear le Tábla (c) thíos) tairgfear áiteanna do na hiarratasóirí uile atá ag obair i seirbhísí gan chéimithe, de bharr nach bhfuil ach 8 n-iarratasóirí ann.

Tábla (c) Iarratais ó sheirbhísí gan chéimithe

Uimh. Iarr.	Innéacs Tosaíochta	Céimithe sa tSeirbhís	Ról is Airde
Iarratasóir 3	1	0	Bainisteoir
Iarratasóir 11	1	0	Bainisteoir
Iarratasóir 1	1	0	Oideoir
Iarratasóir 15	2	0	Bainisteoir
Iarratasóir 7	2	0	Príomhoideoir
Iarratasóir 6	2	0	Oideoir
Iarratasóir 13	2	0	Oideoir
Iarratasóir 2	3	0	Príomhoideoir
Iarratasóir 8	2	1	Bainisteoir
Iarratasóir 9	2	1	Bainisteoir

Uimh. Iarr.	Innéacs Tosaíochta	Céimithe sa tSeirbhís	Ról is Airde	
Iarratasóir 1	1	0	Oideoir	Tairiscint
Iarratasóir 3	1	0	Bainisteoir	Tairiscint
Iarratasóir 11	1	0	Bainisteoir	Tairiscint
Iarratasóir 6	2	0	Oideoir	Tairiscint
Iarratasóir 7	2	0	Príomhoideoir	Tairiscint
Iarratasóir 13	2	0	Oideoir	Tairiscint
Iarratasóir 15	2	0	Bainisteoir	Tairiscint
Iarratasóir 2	3	0	Príomhoideoir	Tairiscint

Ansin, de bharr gur éirigh le gach iarratasóir ó sheirbhísí gan chéimithe agus tá tuilleadh áiteanna ar fáil, déanfar measúnú ansin ar iarratais ó sheirbhísí a bhfuil céimithe iontu. Anseo cuirtear na hiarratais in ord tosaíochta de réir Innéacs Tosaíochta um Thús Cothrom ar dtús. Le Tábla (d) thíos, tá dhá (2) iarratas san fho-thacar seo. Mar sin de, sa chás seo, gheobhaidh na hiarratasóirí 8 agus 9 tairiscintí bunaithe ar ord tosaíochta de réir an Innéacs Tosaíochta.

Tábla (d) Iarratais ó Bhainisteoirí / Príomhoideoirí

Uimh. Iarr.	Innéacs Tosaíochta	Céimithe sa tSeirbhís	Ról is Airde	
Iarratasóir 8	2	1	Bainisteoir	Tairiscint
Iarratasóir 9	2	1	Bainisteoir	Tairiscint
Iarratasóir 4	3	1	Bainisteoir	
Iarratasóir 10	3	1	Bainisteoir	
Iarratasóir 14	3	1	Bainisteoir	

Léirítear le Tábla (b) an liosta iomlán maidir le 10 n-iarratasóirí rathúla bunaithe ar na critéir roghnúcháin a úsáideadh.

F. Iarratasóirí Rathúla agus Mic Léinn Reatha NSLF

Sa chás go measfar Iarratasóir a bheith rathúil i leith an chistithe faoin NSLF ("Iarratasóir Rathúil") gheobhaidh siad Litir de Chistiú Coinníollach trí Thairseach na Mac Léinn de chuid NSLF nó trí ríomhphost ó Pobal.

Eiseofar litir de Chistiú Coinníollach i leith gach bliain dul ar aghaidh ar chúrsa faofa, nuair a dheimhnítear dul ar aghaidh an Iarratasóra Rathúla.

Maidir le gach bliain staidéir, ní mór do mhic léinn leanúnacha a gcáilitheacht leanúnach maidir le NSLF a fhíorú agus a ndul ar aghaidh a dheimhniú chun bheith in ann an cistiú a fháil.

Sa chás gur dheimhnigh Mac Léinn leanúnach NSLF go bhfuil siad ag dul ar aghaidh ar chúrsa QAB-faofa, agus a raibh a gcáilitheacht deimhnithe, gheobhaidh siad Litir de Chistiú

Coinníollach trí Thairseach na Mac Léinn de chuid NSLF nó trí ríomhphost ó Pobal

Caithfidh iarratasóirí rathúla a Litir de Chistiú Coinníollach a chur ar fáil don Institiúid ábhartha mar chuid dá sonraí cláraithe chun an cistiú NSLF a fháil.

Sa chás nach bhfuil an tIarratasóir Rathúil cláraithe a thuilleadh do Chúrsa Faofa (ar chúis amhail na nithe seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh); astarraingt, iarchur nó seimeastar a athdhéanamh; ansin ní mór don Iarratasóir Rathúil Pobal a chur ar an eolas trí ríomhphost chuig NSLF@pobal.ie agus na cúiseanna a leagan amach cén fáth nach bhfuil siad cláraithe a thuilleadh do Chúrsa Faofa. Más gá, tarraingeoidh Pobal aird an DCDE ar an eolas seo agus féadfaidh an DCDE, faoi réir na gcúiseanna luaite, tréimhse an chistithe a astarraingt ar feadh tréimse ama sonraithe i scríbhinn ag an DCDE. Tá an cinneadh chun soláthar an chistithe a astarraingt de réir rogha an chistithe agus ní mhór don Iarratasóir Rathúil leas a bhaint as a leithéid de chistiú laistigh den tréimhse sonraithe ag an DCDE.

Maidir le gach bliain staidéir, ní mór do mhic léinn leanúnacha a gcáilitheacht leanúnach maidir le NSLF a fhíorú agus a ndul ar aghaidh a dheimhniú chun bheith in ann an cistiú a fháil.

Sa chás nach ndeimhníonn mac léinn leanúnach dul ar aghaidh acadúil nó nach ndeimhníonn siad go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta i dtaobh an chistithe NSLF don Roinn, ar feadh dhá bhliain acadúla as a chéile[1] nó cuid díobh[2] (sa chás gur iarchuirfí ag aon staid den

[1] **Cáilitheacht faofa agus an cuspóir dul chun cinn ó bhliain go chéile roimh tús na bliana acadúla**
Comhthéacs: Gach bliain i mí Meithimh/Iúil, ní mór do gach faighteoir NSLF a gcáilitheacht a fhíorú agus a ndul ar aghaidh chun tús a chur ar an bhliain seo chugainn a dheimhniú. Chuirfí deireadh le comhaontú cistithe an mhic léinn mura dheimhneodh siad gcáilitheacht leanúnach agus/nó a dul chun cinn ar feadh dhá bhliain ar a rogha cúrsa NSLF QAB.

Sampla: Ní dheimhníonn mac léinn leanúnach dul ar aghaidh acadúil nó nach ndeimhníonn siad go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta i dtaobh an chistithe NSLF don bhliain acadúil 2027/2028 (an chead bhliain gan dul chun cinn) agus ní dheimhníonn siad dul ar aghaidh acadúil nó nach ndeimhníonn siad go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta i dtaobh an chistithe NSLF don bhliain acadúil 2028/2029 (an dara bhliain gan dul chun cinn). Tá an mac léinn i dteideal leas a bhaint as an chistithe NSLF don bhliain acadúil 2028/2029, ach mura dheimhníonn an mac léinn dul ar aghaidh acadúil nó nach ndeimhníonn siad go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta don bhliain acadúil 2028/2029 chuirfí deireadh le comhaontú cistithe an mhic léinn. Tá an riail dhá bhliain i ndiaidh a chéile bainte amach agus ní mór do an mac léinn páirt a ghlacadh sa triú bhliain acadúil 2029/2030 nó chaillfeadh siad a mhaoiniú.

[2] **Is é iarchur le linn na bliana acadúla atá ag bhaint le luaigh bliain acadúil "nó cuid díobh"**
Comhthéacs: Má thosnaíonn mac léinn atá ag maoiniú ag NSLF an bhliain acadúil ach iarchuireann siad ag am ar bith i rith na bliana, meastar go bhfuil sin Bliain 1 d'iarchur/gan dul chun cinn. Úsáidtear an tearma 'nó cuid díobh' sna rialacha le cás ar bith ina iarchuireann mac léinn a chúrsa ag aon stad den bhliain a chlúdach. Maíonn na institiúidí oideachais cistiú ar feadh mic léinn a 1 Samhain (i gcomhair seimeastar a haon) agus 1 Bealtaine (i gcomhair seimeastar a dó) ach ní féidir le dul chun cinn a aithint ar bhonn seimeastar. Tá dul chun cinn bunaithe ar bhonn mblianta acadúla atá curtha i gcrích amháin.

bhliain) measfar nach bhfuil an cistiú NSLF ag teastáil ón mhac léinn a thuilleadh agus foirceannfar a gcomhaontú cistithe.

Iarrfar ar Iarratasóirí Rathúla a chuireann Cúrsa Faofa i gcrích suirbhé fágála a chomhlíonadh agus ní mór dóibh suirbhé fágála a chomhlíonadh laistigh de sé mhí tar éis an Cúrsa Faofa a chur i gcrích.

Sampla: Tosnaíonn mac léinn atá maoinithe faoin NSLF a chúrsa atá QAB faofa don bhliain acadúil 2026/2027. Más rud é le linn na bliana acadúla 2026/2027, ag am ar bith roghnaíonn an mac léinn iarchur a dheanamh ar a chúrsa, meastar gur Bliain 1 gan dul chun cinn é. Ansin iarchuireann an mac léinn go 2027/2028 freisin (bliain 2 gan dul chun cinn). Ní féidir leis an mac léinn iarchur a dhéanamh don bhliain acadúil 2028/2029 (mar is seo an triú bhliain gan dul chun cinn). Sroichtear ar an riail dhá bhliana i ndiadh a chéile agus ní mór don mhac léinn tabhairt faoina chúrsa ar an triú bhliain acadúil 2028/2029 nó cuirfear deireadh lena gcomhaontú maoinithe.

Aguisín 1:

Cúrsaí Faofa

Is féidir nasc le cúrsaí atá incháilithe de réir NSLF don bliain acadúil 2026/2027 atá faofa ag QAB a fáil ar an leathanach do Chiste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú - nasc- www.gov.ie/NurturingSkillsLearnerFund

Aguisín 2:

Gluais Téarmaí

Sa cháipéis seo beidh an bhrí le gach téarma a bhfuil ceannlitir air leagtha amach mar a leanas:

Ciallaíonn "Cúrsa Faofa" céimeanna ELC (leibhéal 7 agus 8) atá faofa ag an QAB faoi 8 Mean Fómhair 2025 agus mar sin de atá faofa i gcomhair aitheantais ag an DCDE. Tá liosta iomlán de chúrsaí faofa NSLF don bhliain acadúil 2026/2027 ar fáil ag Aguisín 1

Ní chiallaíonn "Táillí an Chúrsa" ach Táillí Teagaisc an Chúrsa agus Táillí Ranníocaíochta an Mhic Léinn amháin. Ní chlúdaíonn sé tobhaigh institiúideacha nó costais a bhaineann le tacaíocht don mhac léinn.

Ciallaíonn "Sonraí" gach Faisnéis Rúnda, i bhfoirm ó bhéal nó i scríbhinn (i bhfoirm leictreonach san áireamh), a bhí á cruthú nó á ceapadh ag an DCDE ar bhealach ar bith (lena n-áirítear a fhostaithe, ghníomhairí, chonraitheoirí neamhspleácha agus/nó a Fhochonraitheoirí ach gan bheith teoranta dóibh) agus gach faisnéis atá ina haschur ó phróiseáil le ríomhaire, nó cúbláil leictreonach ar bith eile d'aon fhaisnéis a bhí á cruthú nó á ceapadh ag an DCDE a cuireadh ar fáil faoin gComhaontú seo agus áirítear leis Sonraí Pearsanta.

Is ionann an bhrí le "Rialaitheoir Sonraí" agus an bhrí tugtha de réir Dlíthe Cosanta Sonraí.

Is ionann an bhrí le "Próiseálaí Sonraí" agus a bhrí tugtha de réir Dlíthe Cosanta Sonraí.

Ciallaíonn "Dlíthe Cosanta Sonraí" na dlíthe, rialacháin agus treoirlínte cosanta sonraí infheidhme náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh ar fad, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do Rialachán (AE) 2016/679

maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht a leithéid de shonraí, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an "Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí" nó "RGCS"), na hAchtanna um Chosaint Sonraí, agus aon treoirlíne nó cód cleachtais eisithe ag Oifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí nó aon údarás maoirseachta eile atá dírithe ar chosaint sonraí in Éirinn.

Is ionann an bhrí le "Duine is Ábhar do na Sonraí" agus an bhrí tugtha de réir Dlíthe Cosanta Sonraí.

Ciallaíonn "Iarraidh ar Rochtain ag Duine is Ábhar do na Sonraí" iarraidh déanta ag Duine is Ábhar do na Sonraí i gcomhréir leis na cearta a dheonaítear faoi na Dlíthe Cosanta Sonraí maidir le rochtain ar a Sonraí Pearsanta.

Ciallaíonn "DCDE" An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais

Ciallaíonn "Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige" nó "ELC" aon socrú rialaithe ar bith a sholáthraíonn foghlaim agus cúram do leanaí óna mbreith go haois a bhfuil bunscoil éigeantach.

Ciallaíonn "Iarratasóir Incháilithe" ball foirne i seirbhís ELC nó SAC cláraithe le Tusla a bhfuil Comhaontú Croí-Mhaoinithe gníomhach sínithe le DCDE aici agus mar a leagtar amach sna rialacha seo. Tá sé seo i gcomhréir le spriocanna na Comhpháirtíochta chun Leasa Phoiblí maidir le tacaíochtaí Croí-Mhaoinithe a scaoileadh don earnáil.

Ciallaíonn "Mac Léinn Incháilithe" iarratasóir atá cláraithe ag an Institiúid nó ag Institiúidí do chúrsa faofa, a bhfuil a gcáilitheacht maidir le NSLF fíoraithe ag an DCDE

Ciallaíonn "Cistiú" tacaíocht atá á soláthar ón NSLF do Mhic Léinn Incháilithe (íoctha go díreach leis an Institiúid) chun freastal ar Chúrsa Faofa mar a sonraítear in Aguisín don chéad bhliain acadúil 2026/2027 agus do bhlianta dá éis, faoi réir leithdháileadh leordhóthanach buiséid.

Ciallaíonn "Tacaíochtaí Rialtais" cabhair airgeadais curtha ar fáil ag aon Roinn nó aon Ghníomhaire an Rialtais maidir le costas iomlán nó páirteach a bhaineann le dámhachtain ardoideachais a dhéanamh. Tá liosta ar fáil ag https://hea.ie/funding-governance-performance/funding/student-finance/ agus áirítear leis sin an Scéim Táillí Saor in Aisce, deontais SUSI agus réimse eile tacaíochtaí airgeadais.

Ciallaíonn "Institiúid" soláthraí de Chúrsa Faofa mar a liostaítear iad in Aguisín 1.

Ciallaíonn "Scileanna a Chothrú" An Plean Lucht Oibre Maidir le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) agus Ciste do Chúram Leanaí in Aois Scoile (SAC) 2022-2028" (www.gov.ie/nurturingskills).

Ciallaíonn "Chiste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú" tionscnamh, a riarann Pobal thar ceann DCDE, lenar féidir le daoine atá ag obair i suíomhanna croí-mhaoinithe ELC agus SAC agus ag tabhairt faoi cháilíochtaí ar leibhéal 7-8 atá i gcomhréir le caighdeáin nua a bheith i dteideal tacaíochtaí airgeadais chun costas de rannpháirtíocht sna cúrsaí sin a laghdú.

Is ardán ar líne é "Tairseach na Mac Léinn NSLF" atá mar mhol chun an fhoireann atá ag obair i bhFoghlaim agus i gCúram na Luath-Óige (ELC) agus Ciste do Chúram Leanaí in Aois Scoile (SAC) a chumasú le hiarratais a chur isteach ar chistiú NSLF agus rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le NSLF

Is ionann an bhrí le "Sonraí Pearsanta" agus an bhrí tugtha de réir Dlíthe Cosanta Sonraí.

Is ionann an bhrí le "Próiseáil" agus an bhrí tugtha de réir Dlíthe Cosanta Sonraí.

Ciallaíonn "Critéir agus Treoirlínte um Dhámhachtainí Gairmiúla" nó "PACG" Critéir agus Treoirlínte um Dhámhachtainí Gairmiúla na Critéir agus Treoirlínte um Dhámhachtainí Gairmiúla (PACG) maidir le Cláir Chéime um Oideachais Tosaigh Gairmiúil (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8"Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige) don Earnáil um Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) in Éirinn arna chomhaontú ag an Aire Oideachais agus ag an Aire Leanaí, foilsithe- https://www.gov.ie/ga/eolas-eagraiochtai/d20a8-an-bord-comhairleach-um-chailiochtai-bcc-don-earnail-um-fhoghlaim-agus-curam-na-luath-oige-fclo/.

Ciallaíonn "An Bord Comhairleach um Cháilíochtaí" nó "QAB" an comhlacht a chomhbhunaigh an tAire Oideachais agus (ag an am sin) an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar bhonn neamhreachtúla chun Cláir Chéime um Oideachais Tosaigh Gairmiúil (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8) a athbhreithniú don Earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC). Déanann an QAB athbhreithniú ar Chláir Chéime um Oideachas Tosaigh Gairmiúil (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8) don Earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige" agus tugann an QAB comhairle don dá Roinn an bhfuil clár, i ndiaidh dó a bheith bailíochtaithe mar dhámhachtain, inghlactha le bheith san áireamh ar liosta de cháilíochtaí gairmiúla don earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige. Tá tuilleadh faisnéis i dtaobh an QAB ar fáil anseo :https://www.gov.ie/ga/eolas-

eagraiochtai/d20a8-an-bord-comhairleach-um-chailiochtai-bcc-don-earnail-um-fhoghlaim-agus-curam-na-luath-oige-fclo/

Ciallaíonn "Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann" nó "QQI" an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as cáilíocht, ionracas agus clú den chóras breisoideachais agus ardoideachais in Éirinn a chur chun cinn (https://www.qqi.ie/).

Ciallaíonn "Ciste do ChúramLeanaí in Aois Scoile" nó "SAC" aon seirbhís ar bith in Aois Scoile arna rialú de réir an Achta um Chúram Leanaí 1991.

Ciallaíonn "An tAire" An tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais

Ciallaíonn "Institiúid" soláthraithe oideachais de chláir faofa atá cláraithe ar an Tairseach Luathbhlianta Pobal incháilithe do chistiú NSLF

Is féidir suíomh gréasáin DCDE maidir le Ciste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú a fháil ag an nasc seo:leathanach do Chiste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú - nasc-www.gov.ie/NurturingSkillsLearnerFund